# Vóta 12

# Aoisliúntas agus Liúntais Scoir

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 12, tá ceanglas orm gach bliain an cuntas leithreasa a ullmhú don Vóta agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhair a iniúchta.

Faoi réir an cheanglais sin, tá an cuntas atá ceangailte ullmhaithe agam den mhéid atá ídithe sa bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2017 i gcóir pinsean, aoisliúntais, ghorthaithe cheirde agus liúntas agus aiscí eile faoin Acht Aoisliúntas 1834 go dtí 2004 agus costais ilchineálacha eile; pinsin reachtiúl breise, liúntas agus aiscí a bhronn an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe; táillí maidir le réiteoirí leighis agus ó ham go chéile táillí doctúirí; cúiteamh agus íocaíochtaí eile maidir le gortaithe pearsanta, táillí go dtí An Chomhairle Pinsean, íocaíochtaí éagsúla, srl.

Cuirtear an táirgeacht chaiteachas i gcomparáid leis na suimeanna a bhronn Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2017, lena n-áirítear an méid a d’fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar chaiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €33.5 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Tá an Ráiteas faoi Pholasaithe Chuntasaíochta agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 6 mar pháirt den chuntas seo.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Tá na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, do tháirgeadh cuntais leithreasa curtha i bhfeidhm in ullmhú an cuntais.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht maidir leis an gCóras Rialú Inmheánach Airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím mo fhreagracht as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach de rialú inmheánach airgeadais á chothabháil agus á oibriú ag an Roinn.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus na ndualgais eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le haon chórais rialaithe inmheánach airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go seachnaítear earráidí nó mírialtachtaí ábartha nó go n-aimseofaí iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é cothabháil chóras na rialaithe airgeadais inmhéanacha agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras féin agus na héifeachtaí is atá aige.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an Chomhaontaithe um Bainistíocht Seirbhísí atá ann idir an roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhróinnte le haghaidh seirbhís chomhroinnte AD agus párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta le haghaidh Seirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialaithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á gcur ar fáil don roinn seo.

Tá an seasamh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, creat na gnásanna riaracháin, tuairisceoireacht bainistíocht agus an iniúchadh inmhéanach mar seo a leanas.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais
- tá nósanna imeachta do phríomh-phróisis ghnó go léir doiciméadaithe
- tá córais I bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialaithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach ar thuairiscí tréimhsíúla airgeadais a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TFC.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn le pearsanra ar cuireadh oiliúint chuí orthu, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin a bhfuil an Roinn neamhchosanta orthu i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna iniúchta inmheánaigh bhliantúil, a faomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialaithe a chlúdach ar bhonn leanúnach thar thréimhse réasúnta. Athbhreithnítear an fheidhm iniúchta inmheánaigh ó am go ham agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá gnáthaimh curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar obair leantach ar thuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaí.

***Creat Riosca agus Rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn a aithníonn agus a thuairiscíonn príomh rioscaí agus gníomhaíochtaí bainistíochta tógtha le tabhairt fúthu agus, don méid agus is féidir, na riosca seo a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a aithníonn na príomh rioscaí don Roinn agus tá siad aitheanta, measta agus grádaithe de réir a tábhachta. Déantar athbhreithniú agus uasdátú ar an chlár ag an mBord Bainistíochta (BB) go ráithiúil. Tá toradh na measúnuithe seo úsáidte le hacmhainní a phleanáil agus a dháileadh le cinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí go leibhéal inghlactha.

Déanann an clár riosca cur síos ar na rialaithe agus gníomhaíochtaí is gá leis na rioscaí a mhaolú agus tugann sé feidhmiú rialaithe do bhaill foirne áirithe.

***Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar rialú ar easnaimh a chur in iúl dóibh siúd freagrach as gníomhaíocht ceartaitheach a chur i bhfeidhm agus don bhainistíocht agus don BB, áit is ábhartha, go tráthúil. Dearbhaím go bhfuil príomh rioscaí agus na rialaithe bainteach aitheanta agus tá próisis curtha i bhfeidhm le monatóireacht a dhéanamh ar na príomh rialaithe agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht***

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta do bhainistiú riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánach airgeadais curtha ar an eolas ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach le freagracht as forbairt agus cothabháil ar an chreat do rialú inmheánach airgeadais.

***Saincheisteanna Rialaithe Inmheánacha Airgeadais***

Níor aithníodh aon laigí san rialú inmheánach airgeadais bainteach le 2017, ba chúis le, nó a d'fhéadfadh a bheith mar chúis le caillteanas ábhartha.

**Robert Watt**
Oifigeach Cuntasaíochta
Aoisliúntas agus Liúntais Scoir

26 Márta 2018

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir

***Tuairim ar an gcuntas leithreasa***

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***An bonn faoi mo thuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Aoisliúntas agus Liúntais Scoir agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

***Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile***

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

21 Meán Fómhair 2018

# Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir
## Cuntas Leithreasa 2017

| | | | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar mheastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas chláir** | | | | | |
| A | Aoisliúntas agus liúntais scoir | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 539,900 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 10,500 | | | |
| | | | 550,400 | 535,478 | 499,500 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 539,900 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 10,500 | | | |
| | | | **550,400** | **535,478** | **499,500** |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 180,000 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 4,000 | | | |
| | | | **184,000** | **202,555** | **158,403** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 359,900 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 6,500 | | | |
| | | | **366,400** | **332,923** | **341,097** |

**Barrachas**

Tá an barrachas ar an méid atá curtha ar fáil os cionn an mhéid ghlan fheidhmithe dlíte le géilleadh don Státchiste

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr le géilleadh | 33,476,725 | 50,783,203 |

**Robert Watt**
Oifigeach Cuntasaíochta
Aoisliúntas agus Liúntais Scoir

26 March 2018

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoi Chostais Oibriúcháin 2017

Níl an nóta seo infheidhmithe. Iompraítear costais riaracháin an Vóta seo ar Vóta 18 – An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte. Iompraítear na costais a bhaineann le ceapadh polasaí aoisliúntais ar Vóta 11 – Oifig an Aire Phoiblí agus Athchóirithe.

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2017

| | Nóta | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.3 | 242 | 205 |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 19,171 | 29,781 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **19,413** | **29,986** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.4 | 14,894 | 12,429 |
| Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite | 2.5 | 4,519 | 17,557 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **19,413** | **29,986** |
| **Glansócmhainní reatha** | | — | — |
| **Glansócmhainní** | | — | — |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | — | — |

### 2.1 Cuntas maoiniú stáit

| | Nóta | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | — | — |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar mheastacháin | Cuntas | 366,400 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (33,477) | | |
| Vóta glan | | | 332,923 | 341,097 |
| Costas chláir ghlan | | | (332,923) | (341,097) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | — | — |

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | 18,037 | 29,781 |
| Iarmhéid chuntais bhainc thráchtála | 1,134 | — |
| | **19,171** | **29,781** |

## 2.3 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pinsin in-fhorchúitithe dlite ag ranna eile | 242 | 205 |
| | **242** | **205** |

## 2.4 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Suimeanna atá dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim | 5,996 | 8,506 |
| Muirear Sóisialta Uilíoch | 1,278 | 2,209 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 122 | 152 |
| | 7,396 | 10,867 |
| Asbhaintí pinsin deonacha coinnithe ar fionraí | 4,193 | 12 |
| Nithe creidmheasa fionraí eile | 3,305 | 1,550 |
| | **14,894** | **12,429** |

## 2.5 Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le géilleadh | 33,477 | 50,783 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (28,958) | (33,226) |
| **Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite** | **4,519** | **17,557** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 242 | 205 |
| Banc agus airgead tirim | 19,171 | 29,781 |
| | 19,413 | 29,986 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (7,396) | (10,867) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (7,498) | (1,562) |
| | (14,894) | (12,429) |
| | **4,519** | **17,557** |

## Nóta 3 Caiteachas Vóta de réir Fho-mhírcheann

### Clár A Aoisliúntas agus Liúntais Scoir

| | | | | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar mheastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Liúntais aoisliúntais, liúntais chúitimh, pinsin agus liúntais áirithe leanaí | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 383,500 | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | (2,900) | 380,600 | 378,995 | 357,641 |
| A.2 | Íocaíochtaí faoi na scéimeanna pinsin ranníocacha do chéilí agus leanaí státseirbhísigh, baill na breithiúna agus oifigigh na cúirte | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 41,400 | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | 500 | 41,900 | 41,873 | 41,181 |
| A.3 | Pinsin ex-gratia do bhaintreacha agus leanaí státseirbhísigh, baill na breithiúna agus oifigigh na cúirte | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | *600* | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | *(125)* | 475 | 447 | 596 |
| A.4 | Aiscí agus liúntais bhreise maidir le hoifigigh bhunaithe agus íocaíochtaí maidir le seirbhís aistrithe | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | *90,400* | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | *13,700* | 104,100 | 91,479 | 78,049 |
| A.5 | Pinsin, liúntais agus aiscí maidir le hoifigigh neamhbhunaithe agus a gcéilí agus leanaí agus pinsin agus íocaíochtaí eile maidir le seirbhís aistrithe | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | *22,995* | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | *(595)* | 22,400 | 21,915 | 21,243 |
| A.6 | Deontas gortaithe agus táillí leighis | | | 400 | 350 | 359 |
| A.7 | Táillí don Údarás Pinsean | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | *250* | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | *(80)* | 170 | 151 | 202 |
| A.8 | Íocaíochtaí maidir le dliteanas faoi Chaibidil 2C den Acht Comhdhlúthaithe Cánacha 1997 | | | 300 | 214 | 176 |
| A.9 | Dliteanais phinsin iarchomhlachtaí seirbhíse poiblí atá iníoctha faoi reacht | | | 55 | 54 | 53 |
| | | | | **550,400** | **535,478** | **499,500** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ina iomláine, bhí an caiteachas a bhain le Clár A €14.9 milliúin níos lú ná mar a bhí curtha ar fail. Is é sin de bharr na cúiseanna seo a leanas:

*A.4 Aiscí agus liúntais bhreise maidir le hoifigigh bhunaithe agus íocaíochtaí maidir le seirbhís aistrithe*

Soláthar mheastacháin: €104.1 milliúin, táirgeacht: €91.5 milliúin

Bhí easnamh i gcaiteachas de €12.6 milliúin i gcoibhneas leis an meastachán de bharr nach raibh an méid sin daoine imithe ar scor ón scéim bunaithe agus a mheastar. Bhí an céad meastachán bunaithe ar 1,300 ag dul ar scor. Mar gheall ar an gcaitheachas bhunriachtanais inathraitheachta agus leibhéal an caitheachas iomlán mar a bhí ag deireadh Mhí Dheireadh Fómhair, bhí meastacháin fhorlíontacha do €13.7 milliúin á lorg faoi fo-cheannteideal A.4 mar bheart réamhchúraim agus atá ceadaithe ar an Oireachtas. Do bhí an fhíorchostas ag deireadh na bliana go raibh 1,343 daoine (103.3% don bhun-meastachán) tar éis dul ar scor ón scéim bunaithe agus fuair íocaíocht chnaipshuime faoin fo-cheannteideal A.4. Fuair 76 iar-státseirbhíseach,eile a bhí tar éis dul ar scor faoin Scéim Dreasachta Luathscoir (SDLS) íocaíocht chnaipshuime i 2017 nuair a shrois said an aois íosta pinsin.
Sháraigh an toradh do €91.5 milliúin ar €1.1 milliúin ar an gcéad 2017 meastachán. San cás seo, ní raibh an forábhar soláthar úsáidte.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Fáltas faoi Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúite) 1993 (Uimh. 38 de 1993) maidir le dliteanas pinsin na mbaill foirne | | 28,000 | 28,000 | 28,000 |
| 2 | Fáltais maidir le dliteanas pinsin na mball foirne ar iasacht, srl. | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 2,000 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | (400) | 1,600 | 1,706 | 1,617 |
| 3 | Ranníocaíochtaí le scéim pinsin céilí agus leanaí le haghaidh státsheirbhísigh agus daoine eile | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 19,500 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | (1,300) | 18,200 | 18,847 | 17,399 |
| 4 | Fáltais maidir leis an scéim ranníocach a tionscnaíodh do státsheirbhísigh bunaithe a ceapadh ar, agus tar éis, 6 Aibreán 1995 (Ciorclán 6/95) | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 28,500 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 800 | 29,300 | 31,704 | 29,695 |
| 5 | Aisíocaíocht aiscí, srl. | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 900 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | (780) | 120 | 120 | 295 |
| 6 | Ceannach meas-seirbhíse | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 5,000 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | (250) | 4,750 | 4,956 | 5,287 |
| 7 | Ranníocaíochtaí scéime aonair | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 96,000 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 6,000 | 102,000 | 117,203 | 75,948 |
| 8 | Ilghnéitheach | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 100 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | (70) | 30 | 19 | 162 |
| | **Iomlán** | | **184,000** | **202,555** | **158,403** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ina iomláine, bhí leithreasaí-i-gcabhair €18.6 milliúin níos mó ná mar a mheastar.
Tá an míniú a bhaineann leis seo leagtha amach thíos:

2. *Fáltas maidir le dliteanais pinsin na mball foirne ar iasacht,srl;*

   Soláthar mheastacháin: €1.6 milliúin, táirgeacht: €1.7 milliúin.

   Bhí méadú €0.1 milliúin de bharr méadú ar leibhéal fáltais maidir le lucht oibre a bhí ar iasacht. Tá sé deacair a thomhas cé mhéid don mball foirne a bheidh ar iasacht ó bhliain go bliain .

*4. Fáltais maidir leis an scéim ranníocach a tionscnaíodh do státsheirbhísigh bunaithe a ceapadh ar, agus tar éis, 6 Aibreán 1995 (Ciorclán 6/95).*

   Soláthar mheastacháin: €29.3 milliúin, táirgeacht: €31.7 milliúin

   Bhí méadú €2.4 milliúin toisc go raibh meastachán níos lú ná mar a mheastar do leibhéal na fáltais ó chómhort státseirbhísigh a ceapadh ar nó tar éis an 6 Aibréan 1995 agus roimh 1 Eanair 2013 atá ina mbaill don scéim bunaithe.
   Beidh an méid atá sa cómhort seo ag laghdú de réir mar a théann daoine ar scor ach beidh tionchar ar aithrithe sna leibhéal tuarastail ar leibhéal ranníocaíochtaí an cómhort seo a a d'fhéadfaidh a mhéadú i gcomhréir le dul chun cinn ó thaobh gairme.

7. Ranníocaíochtaí scéime aonair

   Soláthar mheastacháin: €102 milliúin, Táirgeacht: €117 milliúin.

   Bhí méadú do €15 milliúin den chuid is mó de bharr méadú ar leibhéal na bhfáltas insna míosa ag deireadh na bliana. Léiríonn an méid a chreidmheas don Vóta maidir leis an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair ranníocaíochtaí a dhein gach seirbhísigh phoiblí nua a fhostaíocht tar éis 1 Eanair 2013. Cé go bhfuil neamhaird lárnach maidir le líon iomlán fostaí na seirbhíse phoiblí, tá líon na iontráilaithe nua, tráth a rannpháirtíochta agus an léibhéal grád agus pá atá siad i mbun in earnálacha aonair in aon bhliain á bhainistiú insna earnálacha sin. De bharr nádur na hearcaíochta agus an phróisis scoir thar an tseirbhís phoiblí, tá leibhéal sna meastacháin i gcoinne na fáiltis chun fanacht mar atá sé.

# 5 Líon na bhFostaithe agus na bPinsinéirí

## 5.1 Foireann

Íoctar gach ball foirne a fhostaítear i riaracháin agus in íocaíocht aoisliúntais a ghearrtar ar an Vóta seo ó Vóta 18 Oifig Náisiúnta na Seirbhísí Comhroinnte. Gearrtar costais na foirne atá ag tabhairt faoi cheapadh polasaí aoisliúntais ar Vóta 11 – Oifig an Aire um Chaiteachas Poiblí agus Athchóiriú.

## 5.2 Pinsinéirí

Leagtar amach thíos anailís den líon iomlán pinsinéirí in íocaíocht de réir ceannteidil ag deireadh na bliana.

| | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| A.1 | Liúntais aoisliúntais, liúntais chúitimh, pinsin agus liúntais áirithe leanaí | 16,448 | 15,414 |
| A.2 | Íocaíochtaí faoi na scéimeanna pinsin ranníocacha do chéilí agus leanaí státseirbhísigh, baill na breithiúna agus oifigigh na cúirte | 2,859 | 2,816 |
| A.3 | Pinsin ex-gratia do bhaintreacha agus leanaí státseirbhísigh, baill na breithiúna agus oifigigh na cúirte | 30 | 37 |
| A.5 | Pinsin, liúntais agus aiscí maidir le hoifigigh neamhbhunaithe agus a gcéilí agus leanaí agus pinsin agus íocaíochtaí eile maidir le seirbhís aistrithe | 4,578 | 4,634 |
| A.9 | Dliteanais phinsin iarchomhlachtaí seirbhíse poiblí atá iníoctha faoi reacht | 3 | 3 |
| | | **23,918** | **22,904** |

## 5.3 Seirbhísí gníomhaireachta um íocaíocht pinsin

Déanann an Roinn (Vóta 12) íocaíochtaí pinsin, ar bhonn gníomhaireachta, le hiarbhaill foirne de na gcomhlachtaí atá leagtha amach thíos

| **Ainm an chomhlachta** | **Líon na bpinsinéirí** | **Oll-luach (in aghaidh na bliana) €m** |
|---|---|---|
| Pinsin Choiste Gairmoideachais/Institiúidí Teicneolaíochta/Bhoird Oideachais agus Oiliúna | 9,615 | 267 |
| Pinsin FÁS/SOLAS | 1,564 | 31 |

Gearrtar na suimeanna a íoctar ar an Vóta um Oideachais agus Scileanna (Vóta 26).

## 5.4 Ró-íocaíochtaí pinsin

Ba é iar mhéid na ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana na €158,436 (44 cásanna), (2016: €123,319 (41 cásanna)), le pleain fhorchúitithe i bhfeidhm dóibh go léir.

## 5.5 Scaoilíocaíochtaí

Bhí íocaíocht iomarcaíochta do €379,349 íochta do ceithre rúnaithe ginerálta sa bhliain 2017 faoin scéim a cuireadh deireadh leis do i Samhain 2011 do dhaoine nua-cheaptha. Gearrtar íocaíochtaí iomarcaíochta faoi fo-cheanntheideal A.1.

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Laghdú pinsin

Forálann Acht na bPinsean (Laghdú) 1965 agus an tAcht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012 go ndéantar pinsin na státseirbhísigh atá coinnithe nó athfhostaithe tar éis na gnáthaoise scoir a laghdú de réir mar is gá lena chinntiú nach sáraíonn a bpá iomlán sa tréimhse coinnithe nó athfhostaithe an luach saothair a gheobhaidís dá bhfanfadh siad sna poist a bhí acu ar an lá deiridh dá gcuid seirbhíse inríofa. Forálann an reachtaíocht freisin go bhféadfaí laghduithe dá leithéid a tharscaoileadh de rogha an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

I 2017, laghdaíodh pinsin 27 státseirbhísigh scortha go hiomlán nó go páirteach. Ba é €175,260 an méid iomlán a laghdaíodh.

## 6.2 Costais chúitimh agus dlí

Íocadh costais chúitimh dlí sna catagóirí seo a leanas i rith na bliana:

| | | | | **2017** | **2016** |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Líon na gcásanna** | **Costais dlí íoctha ag an Roinn** | **Costais dlí a dámhadh** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Éilimh maidir le feidhmeanna pinsin an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | — | — | — | — | 57 |